# Glór

BUANÚ AGUS NEARTÚ NA GAEILGE SAN IARTHUAISCIRT




**Eagrán 005** **Bealtaine 2022**

Rinneadh buaiteoirí chomórtas Podchraoladh Gael Linn a fhógairt beo ar an chlár BLADHAIRE, RTÉ Raidió na Gaeltachta ar na mallaibh. Comhghairdeachas ó chroí le Áine Ní Fhearraigh, Neasa Nic Pháidín, Róisín Ní Chasáide, Maria Ní Ghallchóir agus Maryanne Nic a Bhaird (scoláirí na dara bliana) a bhain duais náisiúnta an tríú háit agus €400 sa chomórtas Podchraoladh Gael Linn. Seo thíos an nasc don Podchraoladh más mian libh cluas éisteachta a thabhairt do. Is fiú go mór é!

Cúl Chaint - Pobalscoil Ghaoth Dobhair [Gael Linn] - Gael Linn - Pobalscoil Ghaoth Dobhair. | Podcast on Spotify





Tír gan teanga

tír gan anam

**Ba mhaith linn tabhairt le fios go bhfuil roinnt acmhainní curtha le chéile againn a rachadh chun sochair do theaghlaigh agus do ranganna Gaeilge. Scaipigí an scéal le bhur dtoil go bhfuil an tacaíocht ar fail uainne do fhoghlaimeoirí. Bí i dteagmháil linn sa Chrannóg nó buail isteach. Fáilte romhaibh uilig!**

Chaith muid maidín ghalánta i bPáirc Náisiúnta Ghleann Bheatha ar na mallaibh i gcuideachta Caitlín Ní Bhroin ó Phleanáil Teanga Cloich Cheann Fhaola, Poilín Uí Ghallachóir ó LPT Tuaisceart Dhún na nGall agus Aodh Mac Ruairí atá mar Oifigeach Pleanála Teanga sa Ghaeltacht Lár. Bhí an imeacht seo dírithe ar fhoghlaimeoirí Gaeilge sna limistéir seo uilig. Bhain muid uilig sult as an lá agus caithfidh muid a theacht le chéile arís gan mhoill!







Scéim meantóireacha do fhoghlaimeoirí.

Faigh i dteagmháil linn @mpt.iarthuaiscirt@gmail.com nó 0872491101 má tá suim agat ann!

Mentor scheme for learners!

Get in contact with us @mpt.iarthuaiscirt@gmail.com or 0872491101 if you're interested!

Osclaíodh caifé úr i ngalf chumann Ghaoth Dobhair ar na mallaibh! Guíonn muid gach ráth agus bláth ar Karen agus Emma atá I gceannas air. Buailigí isteach!

Ba mhaith linn gnólachtaí áitiúil a chlárú don scéim atá ar bun ag Glór na nGael i gcomhar le Údarás na Gaeltachta agus na hOifigí Pleanála Teanga.
Tugann an scéim aitheantas do gnóanna atá ag baint úsáid as an Ghaeilge go laethúil i gcomharthaíocht, in margaíocht nó le seirbhisí tríd an Scéim Gradam Gnó na hÉireann 2021.
Is féidir clárú don scéim trí dul i dteagmháil linne san Oifig Pleanála Teanga sa Chrannóg i nGaoth Dobhair nó le Glór na nGael iad féin.









Bhí comórtas liathróid láimhe ar súil san Ionad Pobail Dé Sathairn seo chaite nuair a d'imir foireann Dhún na nGall in éadan Contae Aontroma. Thug muid urraíocht agus tacaíocht lárnach don comórtas. Comórtas iontach, spórtúil, ach ag an am céanna iomaíoch go leor! Ócáid stairiúil a bhí ann fosta mar gur seo an chéad uair gur úsáideadh an pinniúr liathróid láimhe sa halla i gcomórtas sinsearach liathróid láimhe le buaiteoirí Uile-Éireann ag glacadh páirt.


Bhí Óstán Teach Jack mar ionad don bhronnadh duaiseanna agus is iad seo na sonraí ar lean:

Buaiteoirí an Chomórtais - Co. Aontroim

Buaiteoirí na gCluichí Dúbailte - Co. Aontroim (Kieran Cooper agus Paddy Nicholl)
Buaiteoirí na gCluichí Singile – Co. Aontroim (Steven O'Neill)
Laoch an Chomórtais - Paul Murray (Dún na nGall)


Bhí Molscéal ag clúdach an chomórtais agus beidh an chraic uilig le feiceáil ó thús go deireadh ar líne gan mhoill. Maith Pablo — Pól Ó Lorcáin a d'eagraigh seo.











## Cur aithne ar Ronan



**Ainm**: Ronan Mac Daibhéid

**Post**: Suirbhéir Cainníochta (Bliain Socrúcháin)

**Caitheamh Aimseartha:** Peil do Cheiltigh Dhún Luiche

**Bia:** Pizza

**Deoch:** Doiligh a rá. Coke b'fhéidir ach rud éigin níos láidre idir an Aoine agus an Domhnach

**Scannán:** Wolf Of Wall Street

**Leabhair:** The Alchemist

**Gléas:** Twitter

**Meáin shóisialta:** rmcdevitt00 Twitter

**Laoch:** Owenie Mc Garvey nó Steven Gerrard

**Oíche amuigh:** Doiligh an Dodge a bhuaileadh amach

**Cóisir:** Conor McGregor, George Best

**Laethanta saoire:** An Spáinn no áit ar bith le teas na gréine

**Seanfhocal:** Is minic a bhris béal duine a shrón

**Mana saoil:** Gan rudaí a ghlacadh ró-dháiríre agus sult a bhaint as an tsaol.

**Irish Language Classes**

If you would like to brush up on your Irish or are a complete learner, the following centres in your area will have up to date information on classes catering for all abilities and ages.

An Crannóg , Derrybeg (0749532208) Muintearas (0749532578) & Acadamh (091494657) Páirc Gnó. Ionad Naomh Pádraig, Dore. (0749562222) Teach Niall Ó Domhnaill, Lochanure (0863899345)

Any other information or advice, contact The Language Planning Office at 0749560620

Keep up to date with these centres on Facebook

## Apps Gaeilge

Four Popular Irish Language Learning Apps

1. Cúla 4 2. Nemo

3. Duolingo 4. Enjoy Irish


Meitheal Pleánála Teanga an Iarthuaiscirt,

An Crannóg,

Srath na Corcra,

Doirí Beaga,

Leitir Ceanainn,

Co. Dhún na nGall

Fón: 0749560620/ 0872491101

mpt.iarthuaiscirt@gmail.com

www.mptiarthuaiscirt.ie


## Beatha teanga í a labhairt!